- déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt i leith na ráiteas airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; déanaim dearadh agus feidhmiú ar nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le cliseadh míráiteas ábhartha a bhfuil calaois mar chúis leis a aimsiú níos airde ná an riosca a bhaineann le cliseadh míráiteas ábhartha a bhfuil earráid mar chúis leis a aimsiú. Is amhlaidh sin mar go bhféadadh claonpháirteachas, brionnú, nithe a fágadh amach d'aon ghnó, nithe a míléiríodh nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus na nochtuithe gaolmhara.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu déileáil le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair i dteannta na ráiteas sin agus ní thugaim aon chonclúid dearbhaithe de chineál ar bith ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis atá ann neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann i leith na faisnéise sin, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscim i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscim i gcás go bhfuil aon chásanna ábhartha ann nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.

Tuairiscim trí eisceacht freisin sa chás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

**CUNTAS FÁLTAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
AN 31 NOLLAIG 2017**

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

CLÁR ÁBHAR

	Leathanach
Faisnéis Ghinearálta	3
Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	4
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Choimisinéara Cosanta Sonraí	5-9
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	10-12
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	13
Nótaí leis na Cuntais	14-19

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Oifigí:	Oifig Bhaile Átha Cliath: 21 Cearnóg Mhic Liam Baile Átha Cliath 2 Oifig Chúil an tSúdaire: Teach na Canálach Bóthar an Stáisiúin Cúil an tSúdaire Co. Laoise
An Coimisinéir Cosanta Sonraí:	Helen Dixon Uas. – Coimisinéir
Leas-Choimisinéirí:	Anna Morgan Uas. – Ceann Gnóthaí Dlí An tUas. Dale Sunderland – Comhairliúchán agus Cumarsáid Jennifer O’Sullivan Uas. – Cuideachtaí Ilnáisiúnta agus Teicneolaíocht An tUas. John O’Dwyer – Imscrúduithe, Iniúchóireacht agus Aistrithe Marita Kinsella Uas. – Gnóthaí Corparáideacha, Freagairt Chéadlíne
Uimhir Theileafóin:	057 868 4800 0761 104 800 1890 252 231
Uimhir Facs:	057 868 4757
Suíomh Gréasáin:	www.dataprotection.ie
Seoladh Ríomhphoist:	info@dataprotection.ie
Iniúcháirí:	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ
DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
(LENA CHUR ISTEACH AR AN INIÚCHADH A CHUR I gCRÍCH)

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

Rialachas

Bunaíodh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá feidhmeanna oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí leagtha amach in alt 9 d'Acht 1988, arna leasú. Tá oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus tá freagracht uirthi as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an oifig an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Le tosach feidhme an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, an 25 Bealtaine 2018, bunaíodh Coimisiún nua um Chosaint Sonraí. De réir an Achta, aistríodh chuig an gCoimisiún nua gach ceann d'fheidhmeanna oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. De bhreis air sin, le cur i bhfeidhm Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí ón 25 Bealtaine 2018, tugtar ról i bhfad níos mó don Choimisiún nua um Chosaint Sonraí mar údarás cosanta sonraí agus is ionann an Coimisiún nua anois agus údarás maoirseachta a bhfuil sainchúram ar fud an Aontais Eorpaigh air.

Freagrachtaí Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Ceanglaítear le mír 9 de Sceideal 2 leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, ar an gCoimisinéir Cosanta Sonraí na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an oifig nó a chaithfidh sí a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Le linn na cuntais seo a ullmhú, ceanglaítear ar oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí–

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na cuntais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sí ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtá sna cuntais.

Tá oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gclóinn na cuntais le mír 9 de Sceideal 2 leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Is é freagracht an Choimisinéara Cosanta Sonraí cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh Gréasáin oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a áirithiú.

Tá an Coimisinéir Cosanta Sonraí freagrach as plean bliantúil agus buiséad bliantúil na hoifige a cheadú agus déantar meastóireacht go rialta ag cruinnithe ar fud na bliana ar fheidhmíocht na hoifige i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil.

Tá oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí go léirítear go cuí i gcuntais na hoifige feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag an 31 Nollaig 2017.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

Struchtúr Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Cheap an Rialtas Helen Dixon mar Choimisinéir Cosanta Sonraí i mí Mheán Fómhair 2014 ar feadh tréimhse 5 bliana de réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Chuir oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí Coiste Ardbhainistíochta ar bun. Tá an Coiste Ardbhainistíochta comhdhéanta den Choimisinéir Cosanta Sonraí agus de chúigear Leas-Choimisinéirí. Is é ról an Choiste Ardbhainistíochta maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht chuí agus rialachas cuí na heagraíochta ar aon dul leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Áirítear le téarmaí tagartha an Choiste Ardbhainistíochta ceannaireacht straitéiseach, bainistíocht agus maoirseacht na heagraíochta, faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an lucht bainistíochta agus na foirne i gcomparáid le tosaíochtaí straitéiseacha agus gnó, cuspóirí straitéiseacha agus gnó, treo straitéiseach agus dúshláin na heagraíochta.

Tá oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi shainchúram Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais cur i gcrích ar iniúchtaí oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, a leagadh faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar phléigh an Coiste iad.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Choiste don bhliain 2017 leagtha amach thíos.

An Coiste Ardbhainistíochta

	16
Helen Dixon	16/16
Anna Morgan	15/16
Dale Sunderland	16/16
Jennifer O'Sullivan	13/16
John O'Dwyer	14/16
Marita Kinsella	2/2

Níor íocadh aon táillí ná speansas leis an gCoiste Ardbhainistíochta i dtaca le cruinnithe sa bhliain 2017.

Príomhathruithe Pearsanra

Cheap oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí Marita Kinsella mar Leas-Choimisinéir um Ghnóthaí Corparáideacha, Freagairt Chéadlíne, an 11 Nollaig 2017.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Oifig ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon		Líon fostaithe	
		2017	2016
Ó	Go		
€60,000	- €69,999	9	6
€70,000	- €79,999	3	5
€80,000	- €89,999	2	1
€90,000	- €99,999	2	1
€100,000	- €109,999	-	-
€100,000	- €119,999	-	-
€120,000	- €129,999	1	1

Nóta: Chun críocha an nocht seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnáthghnó’.

	2017	2016
	€	€
Comhairle dlí	71,615	38,944
Seirbhísí Comhairleacha Gnó (Clár Ullmhachta don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)	503,050	-
Caidreamh poiblí/margaíocht	53,616	-
Eile	71,082	5,075
Iomlán	699,363	44,019

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

Costais Díl agus Socraíochtaí

Sa tábla thíos, tá miondealú tugtha ar na suimeanna a íocadh sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais díl, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle díl ghinearálta a fuair oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna costais Chomhairleachta thuas.

	2017	2016
	€	€
Táillí díl – imeachtaí díl	1,569,352	870,909
Costais díl a aisghabhadh	(5,641)	(9,896)
Iomlán	<u>1,563,711</u>	<u>861,013</u>

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Is mar seo a leanas a chatagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe:

	2017	2016
	€	€
Taisteal intíre		
- An Coimisinéir	210	-
- Fostaithe	33,237	24,354
Taisteal Idirnáisiúnta		
- An Coimisinéir	7,256	5,699
- Fostaithe	<u>62,053</u>	<u>42,697</u>
Iomlán	<u>102,756</u>	<u>72,750</u>

Caiteachas Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas fáilteachais sa bhliain 2017 (2016: €32).

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Chomhlíon Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

- Tá an struchtúr rialachais faoina mbunaítear Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí difriúil le struchtúr rialachais roinnt comhlachtaí eile stáit sa dóigh is nach bhfuil aon struchtúr Boird ann. Tugann an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus na Leas-Choimisinéirí faoin ról mar Bhord, anuas ar na feidhmeanna feidhmiúcháin a chomhlíonadh. Ós rud é go bhfuil Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar chuid den vóta Dlí agus Cirt, is é Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm an oifigh chuntasaíochta.
- I Rannáin 7.2 agus 7.7 den Chód, tagraítear d'Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá comhdhéanta go cuí a bheith ag Comhlacht Stáit. Is é Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart), a chomhlíonann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar rialuithe airgeadais an Choimisinéara Cosanta Sonraí go luath sa bhliain 2017. Breithníodh an tuarascáil iniúchóireachta os comhair Choiste Ardbhainistíochta an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus Choiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Níor sainaithníodh aon saincheisteanas suntasacha san iniúchadh. De bhreis air sin, tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi réir iniúchadh bliantúil ag an gCoiste Ardbhainistíochta, a ghníomhaíonn mar Choiste Riosca d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.
- Le Rannán 8.8 den Chód, ceanglaítear ar Chomhlacht Stáit Comhaontú Soláthar Feidhmíochta a chomhaontú lena mháthair-Roinn ábhartha. Ós rud é go bhfuil Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí neamhspleách maidir le comhlíonadh a feidhmeanna faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus faoi fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (a bhfuil feidhm aige ón 25 Bealtaine 2018 i leith), níl sí faoi réir Comhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ina ionad sin, tá Comhaontú Dearbhaithe Rialachais (2017–2019) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i bhfeidhm ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Leagtar amach sa Chomhaontú sin an creat leathan rialachais chorparáidigh ar laistigh de a oibríonn Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus ina sainítear na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir an Oifig agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.



Helen Dixon
Coimisinéir

Dáta: 18.12.2018

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Raon Freagrachta

Thar ceann oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, aithním an fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraítear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a ceadáíodh na cuntais.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tugann oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí tuairisc ar gach ní iniúchóireachta don Choiste Iniúchóireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le chéile cúig huaire sa bhliain 2017. Gníomhaíonn foireann ardbhainistíochta oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar Choiste Riosca don chomhlacht. D'fhreastail bainisteoirí sinsearacha ón Oifig ar chruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2017 chun saincheisteanna iniúchóireachta agus riosca a bhaineann leis an gcomhlacht a phlé.

Déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile in oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanann sé clár iniúchtaí gach bliain.

Chuir foireann ardbhainistíochta oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá uirthi agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aici agus ina sonraítear na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an fhoireann ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta;
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Is í an Rannóg TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a sholáthraíonn seirbhísí TFC don Choimisinéara Cosanta Sonraí. Chuir sí ráiteas dearbhaithe ar fáil ina leagtar amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2017 i dtaca leis na rialuithe atá i bhfeidhm;
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chosaint. Cinntítear leis na nósanna imeachta rialaithe ar chistiú deontais do ghníomhaireachtaí sheachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar cheadú deontas agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur úsáideadh cistiú deontais chun na críche a beartaíodh;
- Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn seirbhísí Acmhainní Daonna agus seirbhísí Comhroinnte Párolla don Oifig. Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn dearbhú bliantúil maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear don Oifig. Is faoi phróisis deimhniúcháin ISAE 3402 a iniúchtar na seirbhísí sin.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainiúitear príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- déanann Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile;
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Soláthar


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Deimhním freisin gur chomhlíon oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an lucht ardbhainistíochta, déanann sí eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá an lucht ardbhainistíochta laistigh d'oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Ag gníomhú dó faoi mhaoirseacht ag Coiste Iniúcháireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart) le haghaidh rialuithe inmheánacha agus maoirseacht a dhearbhú, is é an t-aonad Iniúcháireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Deimhním gur thug oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féachadh san athbhreithniú sin ar níos mó ná rialuithe airgeadais amháin agus gur scrúdaíodh rialuithe TFC, cleachtais bhainistíochta agus próisis rialachais eile lena linn freisin.



Helen Dixon
Coimisinéir

Dáta: 18.12.2018

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

CUNTAS FÁLTAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	Nótaí	2017	2016
		€	€
Fáltais			
Airgead ón Oireachtas	2	6,173,768	3,906,234
Táillí	3	<u>754,739</u>	<u>775,729</u>
		<u>6,928,507</u>	<u>4,681,963</u>
Íocaíochtaí			
Costais Foirne	4	3,353,856	2,541,537
Costais Bhunaithe	6	444,503	340,495
Táillí Comhairleachta	7	2,333,688	969,698
Speansais Ilghnéitheacha	8	<u>41,721</u>	<u>54,504</u>
		<u>6,173,768</u>	<u>3,906,234</u>
Íocaíocht fáltas don bhliain le Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais		746,783	747,225
Fáltais atá iníoctha le Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais		<u>7,956</u>	<u>28,504</u>
		<u>6,928,507</u>	<u>4,681,963</u>

Tá nótaí 1 go 13 mar chuid den chuntas seo.



Helen Dixon
Coimisinéir

Dáta: 18.12.2018

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

1. Beartais chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar bun faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá a hoifigí lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, agus ag Teach na Canálach, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. Is é príomhfheidhm na hOifige maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na nAchtanna um Chosaint Sonraí, a chinntiú go gcomhlíontar forálacha na nAchtanna, gearáin a imscrúdú, déileáil le sárúithe ar na hAchtanna, ullmhú cód cleachtais a spreagadh, clár a bhunú agus a chothabháil de na rialaitheoirí sonraí agus na próiseálaithe sonraí a gceanglaítear orthu clárú, agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt d'údaráis eile chosanta sonraí.

b) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na cuntais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais í le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaítear na cuntais in euro, arb é airgeadra feidhmeach oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí é.

c) Airgead ón Oireachtas

Is ionann an t-ioncam a aithnítear sna cuntais faoin teideal Deontais agus cistiú a tugadh d'oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is í an Roinn a riarann íocaíocht na dtuarastal agus íocaíocht gach costais eile. Is ionann an méid a aithnítear mar ioncam agus an méid a tógadh ón Vóta chun na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana a chistiú.

d) Ioncam Táillí / Táillí

Is ar bhonn fáltas airgid a thuairiscítear ioncam táillí. Aithnítear ioncam táillí clárúcháin tráth a fhaightear iarratas ar chlárú. Cuirtear ioncam táillí clárúcháin ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Taifeadtar an t-ioncam sin mar leithreasá i gcabhair i gcuntais na Roinne.

e) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe nó ag rátaí conarthaí réamhcheannacháin, i gcás gurb ann do chonarthaí den sórt sin.

f) Aoisliúntas

Is státseirbhísigh iad na fostaithe de chuid oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Is baill iad de scéim neamhchistithe sochair shainithe, rud a riarann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Rinneadh dlí den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, an 28 Iúil 2012. Tugadh isteach leis an Acht an leagan nua den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), a bhfuil éifeacht léi ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad gach ball foirne nua in oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chuaigh isteach san Earnáil Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

Faisnéis Fabhrúithe

I nóta 9 leis na cuntais, tá faisnéis a bhaineann leis na torthaí airgeadais de chuid oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a ullmhaíodh ar bhonn fabhrúithe.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	2017	2016
	€	€
2 Airgead ón Oireachtas		
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	<u>6,173,768</u>	<u>3,906,234</u>

Cistítear oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24) trí fho-mhírcheann A.6.

	2017	2016
	€	€
3 Ioncam Táillí / Táillí		
Ioncam táillí clárúcháin a fuarthas	<u>754,739</u>	<u>775,729</u>

Ceanglaítear le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta clárú le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Íoctar táillí clárúcháin ar bhonn bliantúil.

	2017	2016
	€	€
4 Costais Foirne agus Faisnéis Fostaithe		
Pá agus Tuarastail	3,251,100	2,468,787
Taisteal agus Cothú	<u>102,756</u>	<u>72,750</u>
Costas Foirne Iomlán	<u>3,353,856</u>	<u>2,541,537</u>

Ba é 75 dhuine an meánlíon fostaithe a bhí ann le linn na bliana (2016: 52).

Tógadh an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean ar aon dul le ceanglais reachtúla. Asbhaineadh tobhach pinsin €120,111 sa bhliain 2017 (2016: €107,711) agus choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é.

Miondealú ar shochair fostaithe:

Raon na sochar fostaithe iomlán		Líon fostaithe	
Ó	Go	2017	2016
€60,000	- €69,999	9	6
€70,000	- €79,999	3	5
€80,000	- €89,999	2	1
€90,000	- €99,999	2	1
€100,000	- €109,999	-	-
€100,000	- €119,999	-	-
€120,000	- €129,999	1	1

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

5 Luach Saothair an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Is é seo a leanas an luach saothair a fuair an Coimisinéir sa bhliain 2017:

	2017	2016
	Tuarastal	Tuarastal
	€	€
Helen Dixon	<u>128,682</u>	<u>125,668</u>

Ní bhfuair an Coimisinéir aon íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile le linn na bliana.

Tá teidlíochtaí pinsin an Choimisinéara i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i Scéim Aoisliúntais Sochair Shainithe na Státseirbhíse agus ní théann siad os a gcionn.

Sa bhliain 2017, thabhaigh an Coimisinéir speansais taistil, aisíocaíochtaí san áireamh, arbh fhiú €7,466 iad (2016: €5,699).

	2017	2016
	€	€
6 Costais Bhunaithe		
Breiseanna le sócmhainní seasta	90	-
Cothabháil trealaimh agus soláthairtí oifige	134,469	36,132
Cóiríocht	264,111	271,261
Costais teileachumarsáide	<u>45,833</u>	<u>33,102</u>
	<u>444,503</u>	<u>340,495</u>
7 Táillí Comhairleachta		
Comhairle dlí (de chineál ginearálta)	71,615	38,944
Táillí dlí – imeachtaí dlí	1,569,352	870,909
Costais dlí a aisghabhadh	(5,641)	(9,896)
Cumarsáid / Caidreamh Poiblí	124,230	54,466
Seirbhísí Comhairleacha Gnó	503,050	-
Táillí iniúchóireachta seachtraí	-	10,200
Eile	<u>71,082</u>	<u>5,075</u>
	<u>2,333,688</u>	<u>969,698</u>

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	2017	2016	
	€	€	
8 Speansais Ilghnéitheacha			
Speansais aistriúcháin agus ateangaireachta	5,505	7,937	
Seimineáir agus comhdhálacha	216	1,522	
Speansais mhargaíochta agus mheán	2,053	-	
Oiliúint agus forbairt foirne	631	12,913	
Gearrtháin nuachtáin agus tréimhseacháin	1,176	4,887	
Sólaistí oifige	3,283	2,184	
Ballraíocht de chomhlachtaí gairmiúla	485	1,455	
Tuarascálacha agus foilseacháin / fógraíocht	19,873	20,603	
Seirbhísí ar conradh	834	2,006	
Speansais eile	<u>7,665</u>	<u>997</u>	
	<u>41,721</u>	<u>54,504</u>	
9 Faisnéis Fabhruithe			
(a) Sócmhainní Seasta	Trealamh	Trealamh	Iomlán
	TF	Oifige	€
	€	€	
<u>Costas</u>			
Ag an 01 Eanáir 2017	44,263	11,774	56,037
Breiseanna don bhliain	-	90	90
Diúscairtí	-	(765)	(765)
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>44,263</u>	<u>11,099</u>	<u>55,362</u>
<u>Dímheas Carntha</u>			
Ag an 01 Eanáir 2017	42,584	8,555	51,139
Muirear dímheasa don bhliain	862	1,349	2,212
Diúscairtí	-	(765)	(765)
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>43,447</u>	<u>9,139</u>	<u>52,586</u>
<u>Glanluach Leabhar</u>			
Ag an 31 Nollaig 2017	<u>817</u>	<u>1,960</u>	<u>2,776</u>
Ag an 31 Nollaig 2016	<u>1,679</u>	<u>3,219</u>	<u>4,898</u>

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

9 Faisnéis Fabhruithe

	2017	2016
	€	€
(b) Costas Seirbhíse		
Íocaíochtaí sa bhliain	6,173,768	3,906,234
Fabhruithe tosaigh	(30,357)	(10,437)
Fabhruithe deiridh	51,308	30,357
Réamhíocaíochtaí tosaigh	1,882	82,927
Réamhíocaíochtaí deiridh	(32,054)	(1,882)
Iarmhéid stoic tosaigh	8,244	11,855
Iarmhéid stoic dheiridh	(5,801)	(8,244)
Breiseanna le sócmhainní seasta	(90)	-
Dímheas don bhliain	2,212	2,755
Costas seirbhíse	<u>6,169,112</u>	<u>4,013,565</u>

Rinneadh an figiúr comparáideach le haghaidh fabhruithe deiridh a athlua tar éis don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an fhaisnéis don bhliain 2016 a athbhreithniú.

10 Ceangaltais Léasa

Rinne oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a hoifig i mBaile Átha Cliath a athlonnú go 21 Cearnóg Mhic Liam i mí Lúnasa 2016. Is áitreabh é sin a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil saor in aisce.

Mar thoradh ar an ról leathnaithe a leagadh uirthi faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, sháraigh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí an spás uasta atá le fáil i gCearnóg Mhic Liam le linn na mblianta 2016 agus 2017. Toisc nach raibh Oifig na nOibreacha Poiblí in ann áitreabh oiriúnach a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais chóiríochta ghearrthéarmacha, d'áirithigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí spás oifige breise chun srianta a mhaolú ina oifig i mBaile Átha Cliath. Chuaigh oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí isteach i 'gComhaontú Oifige Seirbhísithe' ar feadh gearrthearma le Cúirt Regus, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Ba é €130,006 an costas ar an spás oifige sealadach breise i gCúirt Regus sa bhliain 2017 (€47,148 – 2016).

Tá diandíospóireacht ar bun le hOifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair chun oifig bhuan nua i mBaile Átha Cliath a shainaithe. Ar mhaithe le freastal ar riachtanais oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, comhaontaíodh go mbeadh ar Oifig na nOibreacha Poiblí áitreabh oiriúnach atá lonnaithe i lár na cathrach a ghlacadh ar léas. Ní mheastar go mbeidh a leithéid áitribh ar fáil roimh an mbliain 2020.

Tá an oifig i gCúil an tSúdaire lonnaithe ag Teach na Canálach, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an oifig sin ar fáil saor in aisce. Ag an 31 Nollaig 2017 agus ag an 31 Nollaig 2016, bhí oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi dhliteanas i leith na n-íosíocaíochtaí léasa amach anseo.

	Amhail an 31 Nollaig 2017	Amhail an 31 Nollaig 2016
	€	€
Iníochta laistigh de bhliain amháin	130,006	47,148
Iníochta laistigh de thréimhse idir 2 bhliain agus 5 bliana	-	-
Iníochta tar éis 5 bliana	-	-
	<u>130,006</u>	<u>47,148</u>

OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

11 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag an 31 Nollaig 2017.

12 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara / Nochtadh Leasa

Is é atá i bpríomhphearsanra bainistíochta oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ná an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus cúigear Leas-Choimisinéirí. B'ionann agus €492,173 (2016: €459,700) an cúiteamh iomlán a d'íoc oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana.

Comhlíonann oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir leis an nochtadh leasa ag an gCoimisiún agus ag comhaltaí/baill foirne an Choimisiúin. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais an Chóid.

13 Dlíteanais Theagmhasacha

Tá oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ina páirtí i roinnt cásanna atá le teacht os comhair na gCúirteanna sa bhliain 2018. Ní dhearnadh aon soláthar do na cásanna sin sna cuntais seo. Meastar gur le dlíthíocht, seachas comhairle dlí, a bhainfidh formhór na gcostas dlí a thiocfaidh chun cinn sa bhliain 2018. Ní dhéanann an Coimisinéir Cosanta Sonraí aon trácht ar dhlíthíocht atá ar siúl.